C/2026/3944

22.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12427 — APOLLO FUNDS / KKR / ATLANTIC AVIATION HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3944)

1. An 14 Iúil 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Apollo Capital Management, L.P. (na Stáit Aontaithe) atá faoi rialú Apollo Global Management, Inc. ('AGM' agus, in éineacht le fochuideachtaí indíreacha AGM a bhainistíonn na cistí infheistíochta, 'Apollo', agus in éineacht leis na cistí infheistíochta atá á mbainistiú ag cleamhnaithe Apollo, 'Apollo Funds'), (na Stáit Aontaithe),

— KKR & Co. Inc. ('KKR & Co', agus in éineacht lena fochuideachtaí, 'KKR', na Stáit Aontaithe),

— Atlantic Aviation Holding Corporation ('Atlantic Aviation', na Stáit Aontaithe), atá faoi rialú KKR faoi láthair.

Gheobhaidh Apollo Funds agus KKR rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Atlantic Aviation.

Is trí bhíthin ceannach scaireanna a bhainfear an comhchruinniú amach.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cistí infheistíochta iad Apollo Funds atá á mbainistiú ag cleamhnaithe de chuid Apollo. Is bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha é Apollo. Cuireann Apollo seirbhísí bainistíochta infheistíochta agus pleanála airgeadais ar fáil do dhaoine aonair agus d'infheisteoirí institiúideacha ar bhonn domhanda. I measc na samplaí d'infheistíochtaí reatha tá, inter alia, cuideachtaí san oideachas, san árachas, i seirbhísí airgeadais, agus i ngnólachtaí fóillíochta.

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é KKR a sholáthraíonn réitigh i ndáil le bainistiú sócmhainní malartacha, margaí caipitil agus árachas.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Atlantic Aviation: oibreoir bunáite seasta is ea é a sholáthraíonn seirbhísí láimhseáil ar talamh do chustaiméirí eitlíochta gnó ar fud na Stát Aontaithe agus Mhuir Chairib.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12427 — APOLLO FUNDS / KKR / ATLANTIC AVIATION HOLDINGS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË